



### Úsáidim an Mhata go laethúil i mo ról gairmiúil.

Cabhraíonn an Mhata liom páipéir thaighde a thuiscint agus foghlaim uathu, taifid fhiacloireachta chruinne a choinneáil do mo chliant agus cabhrú le diagnóisiú agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus téarnamh ó ghalair fiacloireachta. Toisc go bhfuil mé féinfhostaithe go páirteach, bainim úsáid as an Mhata freisin chun mo chuntais airgeadais a bhainistiú agus a chothabháil agus chun mo chuid ama a eagrú agus a sceidealú. Níorbh i an Mhata an t-ábhar ba láidre a bhí agam ar scoil ach bhí an tuiscint ar na slite a 'n-oireann' an Mhata san fhiacloireacht thar a bheith luachmhar chun tacú le forbairt na gairme is aoibhinn liom.

**Tracy Doole - Sláinteolaí Fiacloireachta**  
**BÉAL FEIRSTE**



### Mar Shuirbhéir Cainníochta atá ag obair ar Thionscadal Tógála, táim freagrach as monatóireacht agus seiceáil a dhéanamh ar chostais an tionscadail.

Is é atá i gceist leis an ról a chinntiú go ndéantar soláthar ábhar agus go ndéantar fochonarthaí a bhainistiú laistigh de Spriocanna an Tionscadail. Tá an Mhatamaitic an-tábhachtach i ról Suirbhéir Cainníochta mar go mbaineann beagnach gach gné den phost le huimhreacha. Cibé an bhfuil sé seo á thomhas chun líon na n-ábhar a theastaíonn a sheiceáil (ag baint úsáide as foirmle achair a foghlaimíodh ar scoil) nó ag oibriú amach airgid atá dlite le hiocaíocht le fochonraitheoirí, tá ról ag Mata.

**Gregory Patton - Suirbhéir Cainníochta, Gilbert Ash TÉ BÉAL FEIRSTE**



**Úsáidim Mata gach lá agus táim 100% deimhin de nach mbeadh an gnó nó an ghairm bheatha atá agam inniú gan í.**

Is liom NI Property Girl, cuideachta a aimsíonn maoin inheistíochta do chliant. Is mise a bhainistiú an cuideachta. Tá sé ríthábhachtach san ionad oibre a thuiscint conas an Mhata a chur i bhfeidhm. Ní gá duit a bheith ar an duine is fearr sa Mhata ach is cinnte go gcaithfid tú a thuiscint cé chomh tábhachtach agus a bheidh sé nuair a fhágann tú an scoil. Ba í an Mhata an bunús a bhí agam le bheith i m'innealtóir sibhialta. Tá deis iontach agat tú féin a réiteach don saol má dhéanann tú an Mhata mar chuid de do shaol anois.

**Eimear Gourley - Stiúrthóir Cuideachta, NI Property Girl**  
**LIOS NA gCEARRBHACH**



### Úsáidim Mata gach lá chun plean agus treochar a fhorbairt do tháirgí éagsúla.

Mar bhainisteoir táirge sinsearach ag NantHealth táim freagrach as cinneadh a dhéanamh ar na gnéithe táirgí bogearraí ba chóir a thógáil amach anseo, ag cabhrú le foirne na gnéithe seo a thógáil, agus ag tuairisciú conas a úsáidtear iad tar éis iad a scaoileadh. Ar na topaicí Matamaitice is minice a úsáidim tá dóchúlacht, staitisticí agus anailís sonraí. Cabhraíonn sé liom súil a choinneáil ar m'ualach oibre, ag cinntiú go mbíonn custaiméirí sásta i gcónaí lenár dtáirgí.

**Omar Reyál - Bainisteoir Táirge, NantHealth BÉAL FEIRSTE**

# AN MHATA I MBUN OIBRE!

## #BAINIMŪSÁIDASMATA



### Bainim úsáid as Mata gach lá chun an todhchaí a thuar.

Mar Eolaí Sonraí, déanaim agus forbraim samhla riamh-mheastacháin a chuidíonn linn custaiméirí agus ár ngnó ag Allstate a thuiscint. Bainimid úsáid as cothromóidí casta Matamaitice chun a thuiscint cé chomh dóchúil is a bheidh imeacht, chun íomhánna a thuiscint agus chun léargais thábhachtacha a bhaint as téacs. Ní hiad na modhanna matamaitice amháin a d'fhoghlaim mé ar scoil agus ar an ollscoil, is iad an réiteach fadhbanna agus an smaointeoireacht loighciúil a chuidíonn liom mo phost a dhéanamh. Tá an Mhata i gcoilár an oiread sin rudai ar domhan an lae inniu, ó mholtai scannáin Netflix go gluasteáin féintiomaínte. Is am spraoi é a bheith i do mhatamaiticeoir!

**Rebecca Watson - Bainisteoir Sinsearach Anailís Daoine ag Allstate NI BÉAL FEIRSTE**

### Rachaidh formhór na ndaoine óga trí níos mó ná 10 sli bheatha dhifriúla ina saol, lena n-áirítear poist nár samhlaíodh go fóill!

I mo ról anois, tugaim tacaíocht d'ollscoileanna Éireannacha maidir le ceisteanna a bhaineann le scileanna agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Is príomhscil a theastaíonn uainn inár ngairmeacha beatha a thuiscint conas anailís a dhéanamh ar uimhreacha agus conas freagraí a fháil ar cheisteanna éagsúla. Bainim úsáid fós as na scileanna a mhúin mo mhúinteoirí Mata dom! Is bealach ríthábhachtach é do scileanna Mata a fheabhsú lena chinntiú go bhfuil tú réidh le haghaidh dúshláin nua spreagúla agus gur féidir leat do bhealach a dhéanamh sa saol.

**Oisín Hassan - Feidhmeannach Beartais, Cumann Ollscoileanna Éireann DOIRE~LONDONDERRY**



Le haghaidh tuilleadh Mata ag an Obair féach Local Heroes



14-22 Deireadh Fómhair 2023  
#bainimúsáidasmata  
#MathsWeek2023

Cláraigh anois ar  
**mathsweek.ie**



Arna chomhordú ag

